# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH — ARDLEIBHÉAL

DÉ hAOINE, 22 MEITHEAMH — MAIDIN, 9.30 go 12.00

Líon Iomlán na Marcanna: 320

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

CAITHFIDH IARRTHÓIRÍ IAD SEO A LEANAS A FHREAGAIRT:

- CEIST **AMHÁIN** AS AONAD A hAON
- **DHÁ** CHEIST AS AONAD A DÓ
- CEIST **AMHÁIN** AS AONAD A TRÍ

## AONAD A hAON

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT CEIST **AMHÁIN** AS AN DÁ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist)**

### ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

**Ceist 1.**

**Freagair a) agus b).**

a) Tabhair breac-chuntas ar cheann **amháin** de smaointe fealsúnacha Phlatón faoi nádúr na réaltachta. (40 marc)

b) *Ón gcianaimsir anall chuir daoine a gcuid creideamh reiligiúnach in iúl ar shlite éagsúla.*

Déan scrúdú ar conas is féidir fianaise ar chreideamh reiligiúnach a fheiceáil i saothar/i ndéantán ealaíne **amháin** ón gcianaimsir. (40 marc)

**Ceist 2.**

**Freagair a) agus b).**

a) Déan scrúdú ar an tslí a bhféadfadh teoiric nua-aimseartha eolaíochta **amháin** maidir le conas a cuireadh tús leis an gcruinne, tionchar a imirt ar thuiscint duine ar bhrí na beatha. (40 marc)



*(Foinse: Softkey Multimedia Inc.)*

b) Mínigh conas a bhaineann na smaointe a bhí ag Ainseilm *nó* Aquinas faoi Dhia a bheith ann le hábhar do dhaoine creidmheacha sa lá atá inniu ann. (40 marc)

## AONAD A DÓ

(160 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)**

### ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA

**Freagair a) agus b).**

a) Déan measúnú ar cad is féidir a fhoghlaim faoi Íosa Nazórach as scríbhinní **beirt** díobh seo a leanas:

● JOSEPHUS ● NAOMH PÓL ● TACATAS (40 marc)

b) i. Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint ar Íosa is féidir a aimsiú sa lá atá inniu ann i sampla **amháin** as ceann ar bith díobh seo a leanas:

● AN EALAÍN ● NA SCANNÁIN ● AN CEOL (20 marc)

ii. Déan measúnú ar a mhéid a bhfuil an tuiscint ar Íosa, a bhfuil breac-chuntas air i gcuid *b)i* thuas, ag teacht le cuntais na soiscéalta ar bheatha Íosa. (20 marc)

### ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

**Freagair a) agus b).**

a) ❖ AN REILIGIÚN TRAIDISIÚNTA AFRACACH ❖ GLUAISEACHT NUA REILIGIÚNACH ❖ AN CREIDEAMH BAHÁ'ÍOCH ❖ REILIGIÚN NA SÍNE ❖ REILIGIÚN NA SAÍCEACH

Déan scrúdú ar an tionchar a imríonn creideamh reiligiúnach ar nós maireachtála na mball i gceann **amháin** díobh sin thuas. (40 marc)

b) i. Déan cur síos ar an gcaoi ina gcuirtear creideamh reiligiúnach in iúl i ndeasghnáth breithe/tionscnaimh a bhfuil baint aige leis an gCríostaíocht *nó* leis an nGiúdachas. (20 marc)

ii. Déan comparáid idir an deasghnáth breithe/tionscnaimh a bhfuil cur síos déanta agat air thuas agus deasghnáth breithe/tionscnaimh a bhfuil baint aige le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLAMACHAS (20 marc)

### ROINN D CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

**Freagair a) agus b).**

a) Rianaigh an chaoi a bhfuil an cliseadh morálta le feiceáil i sampla **amháin** den éagóir struchtúrach a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. (40 marc)

b) i. *Is feiniméan nádúrtha daonna í an mhoráltacht.*

Déan scrúdú ar chaoi **amháin** inar féidir fianaise leis an ráiteas sin a fheiceáil i sibhialtacht na Sean-Ghréige. (20 marc)

ii. Déan comparáid idir na luachanna pobail atá le fáil in **dhá** chairt a bhfuil staidéar déanta agat orthu. (20 marc)

## AONAD A TRÍ

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT CEANN **AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)**

### ROINN E REILIGIÚN AGUS CÚRSAÍ INSCNE

◆AN BÚDACHAS ◆AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆AN HIONDÚCHAS ◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS

Pléigh conas a chuir diagacht fheimineach *nó* spioradáltacht fheimineach le rannpháirtíocht ban i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas. (80 marc)

### ROINN F CEISTEANNA CÓRA AGUS SÍOCHÁNA

**Freagair a) agus b).**

a) ◆AN BÚDACHAS ◆AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆AN HIONDÚCHAS ◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS

Scrúdaigh an tionchar a imríonn an tuiscint ar an tsíocháin i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas ar úsáid an neamhfhoréigin ag a chuid ball. (40 marc)

b) Pléigh an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an neamhfhoréigean mar nós maireachtála *nó* an neamhfhoréigean mar agóid i réiteach ócáid choinbhleachta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air. (40 marc)

### ROINN G ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTHA

**Freagair a) agus b).**



(Foinse: images.google.com)


a) ● MACHNAMH ● SACRAIMINT ● EISPÉIREAS AN UAMHAIN

Pléigh an ról a d'fhéadfadh **dhá** cheann díobh sin thuas a imirt i saol urnaí daoine creidmheacha sa lá atá inniu ann. (40 marc)

b) Tabhair breac-chuntas ar conas a chuirtear an ghné spioradálta den bheatha in iúl i dtraidisiún mistiúil **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air. (40 marc)

## ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS NAOFA

**Freagair a) agus b).**



(Foinse: Softkey Multimedia Inc.)

a)
- NA hOIBRITHE SAN FHÍONGHORT (Matha 20:1-16)
- AN RÓGAIRE MAOIR (Lúcás 16:1-13)

Scrúdaigh an tionchar a bhí ag **gach** ceann de na parabail thuas ar an chéad lucht éisteachta. (40 marc)

b) Pléigh na himpleachtaí do Chríostaithe an lae inniu atá ag **gach** ceann de na parabail atá liostaithe i gcuid *a)* thuas. (40 marc)

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**